

# **FAOI BHRÁID AN PHRÍOMHOIDE/RÚNAÍ AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA**

## **MEÁNSCOILEANNA DEONACHA, POBALSCOILEANNA AGUS SCOILEANNA CUIMSITHEACHA ATHRÚ FOIRNE DO 2020/2021**

Ní mór na doiciméid faoi iamh a léamh agus a chur chun feidhme i dtaca le comhlánú agus tabhairt ar ais na bhfoirmeacha riachtanacha.

***\* FÉACH AN SEICLIOSTA AR AN LEATHANACH CÚIL \****

*Tabhair faoi deara go scoirfear den tuarastal do na múinteoirí páirtaimseartha rialta go léir agus na múinteoirí lánaimseartha sealadacha go léir go huathoibríoch ag deireadh a gconartha bhliantúil agus nach n-íocfar an athuair é go dtí go bhfaighfear na doiciméid iomlána.*

*Déan cinnte de, dá bhrí sin, go gcuirtear foirm Athcheapacháin (Foirm Nua) isteach i leith na múinteoirí páirtaimseartha rialta go léir agus na múinteoirí lánaimseartha sealadacha go léir atá á n-athcheapadh chun do scoile mar mhúinteoir páirtaimseartha rialta nó mar mhúinteoir lánaimseartha don scoilbhliain nua.*

## ***FOIRM UM ATHRÚ FOIRNE DO MHÚINTEOIRÍ LÁNAIMSEARHA – FOIRM CP1***

- Ní mór an fhoirm seo a bheith curtha isteach faoin Aoine an 19 Meitheamh 2020 agus ní mór na hathruithe go léir san fhoireann atá déanta go dtí seo don scoilbhliain 2020/2021 a bheith léirithe uirthi.
- Ba chóir sonraí iomlána faoi **athruithe ina dhiaidh sin** a chur in iúl i scríbhinn de réir mar a tharlaíonn siad don Rannóg Párolla Iar-bhunscoile chun ró-íocaíocht tuarastail a sheachaint. Ba chóir aon cheapacháin a dhéantar tar éis foirm CP1 a chur isteach a chur in iúl ar chóip de **Chuid B d’Fhoirm CP1**.
- Ní mór gach ceapachán a chur in iúl ar an bhFoirm um Cheapachán Múinteoirí oifigiúil **AGUS** ar an bhfoirm um Athrú Foirne (Foirm CP1).

## ***FOIRM UM CHEAPACHÁN MÚINTEOIRÍ***

- **Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i ndáil leo seo a leanas:**
  - Gach múinteoir lánaimseartha agus gach múinteoir páirtaimseartha rialta, ar múinteoirí iad atá nuacheaptha chun do scoile
  - Ní mór a lua cé acu is ar Chonradh ar Théarma Socraithe agus/nó ar Chonradh Tréimhse Éiginnte atá na ceapacháin
  - D’fhéadfadh go mbeadh níos mó ná conradh amháin ag múinteoir páirtaimseartha rialta agus d’fhéadfadh go mbeadh comhcheangal de chonradh ar théarma socraithe agus de chonradh tréimhse éiginnte aige/aici
- Ba chóir í a sheoladh ar ais, in éineacht leis na doiciméid is gá faoi iamh, a luaithe is féidir. I gcás ar bith, **ní dhéanfar íocaíocht leis an múinteoir go dtí go bhfaighfear an fhoirm sin (agus na doiciméid ábhartha uile eile) agus deimhniú go ndeachaigh an múinteoir i mbun dualgais tráth athoscailt iarbhír na scoile.**
- **Ní mór** don cheapaí a s(h)onraí bainc a chur ar fáil chun gur féidir tuarastal a lóisteáil go díreach sa chuntas cuí.

Eisítear pá ar bhonn riaráiste agus is é an 10 Meán Fómhair 2020 an chéad dáta párolla inar féidir íocaíocht a dhéanamh le múinteoirí nua, **fad is go bhfaightear na doiciméid uile in am.**

## ***FOIRM UM ATHCHEAPACHÁN MÚINTEOIRÍ (Foirm Nua)***

- **Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i ndáil leo seo a leanas:**
  - Gach múinteoir a bhí ina M(h)úinteoir Páirtaimseartha Rialta/Lánaimseartha Sealadach don scoilbhliain seo a chuaigh thart agus atá á (h)athcheapadh mar Mhúinteoir Páirtaimseartha Rialta/Lánaimseartha san aon scoil amháin.
  - Scoirtear go huathoibríoch de thuarastal gach Múinteora Pháirtaimseartha Rialta/Lánaimseartha ar Théarma Socraithe ag deireadh a c(h)onartha bhliantúil. Ba chóir an fhoirm seo a sheoladh ar ais, in éineacht leis na doiciméid is gá faoi iamh, a luaithe is féidir. I gcás ar bith, **ní dhéanfar íocaíocht leis an múinteoir go dtí go bhfaighfear an fhoirm sin.**

### ***Conarthaí Pro Rata – Múinteoirí Páirtaimseartha Rialta***

Maidir le sonraí faoi mhúinteoirí cáilithe oiriúnacha atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a dtairgtear Conarthaí Pro Rata dóibh, **ní mór iad a bheith faighte sa Roinn faoin 23 Deireadh Fómhair 2020 nó faoin gcéad lá tar éis don scoil athoscailt tar éis shos oíche Shamhna, cibé acu is déanaí**, chun a chinntiú go n-íocfar iad trí phárollaí na Roinne. **Ní féidir glacadh le foirmeacha ceapacháin a gheofar tar éis an dáta sin mar Chonarthaí Pro Rata agus ní mór do na scoileanna éilimh a chur isteach gach seachtain/coicís tríd an gCóras Éileamh Ar Líne.**

### ***LIOSTA FREASTAIL (AR ATHOSCAILT NA SCOILE)***

- Ba chóir an fhoirm seo a bheith ***sínithe*** ag múinteoirí Lánaimseartha nua, ag múinteoirí páirtaimseartha Buana nua agus/nó ag múinteoirí páirtaimseartha Buana nuacheaptha, ag gach múinteoir Téarma Shocráithe agus ag gach múinteoir lánaimseartha buana atá ag filleadh ó chineál cead neamhláithreachta ar bith. Ba chóir í a bheith comhlánaithe agus seolta ar ais faoi 5pm an 20 Lúnasa 2020 – ***ní íocfar tuarastal le múinteoirí go dtí go bhfaighfear an deimhniú freastail sin.***

### ***An tSeirbhís Sláinte Saothair***

Ní mór deimhniú oiriúnachta le dul i mbun teagaisc a bheith faighte ón tSeirbhís Sláinte Saothair i ndáil le ceapaithe atá beartaithe.

### ***Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta***

Ní mór do cheapaithe atá beartaithe bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Ní mór don scoil cóipeanna den teastas/deimhniú Clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta a choinneáil.

### ***Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána***

Ní mór grinnfhiosrúchán a bheith déanta de réir Chiorclán 0031/2016 ar cheapaithe atá beartaithe. Is féidir go dtógfaidh an próiseas suas go dtí 10 seachtaine. Ní mór don scoil deimhniú faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a fháil i dtaca le ceapaithe atá beartaithe.

### **TEASTAS GAELGE DO MHÚINTEOIRÍ IARBHUNSCOILE**

Beidh an Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile ag teastáil le haghaidh na gcatagóirí seo a leanas chun an ceanglas Gaeilge a chomhlíonadh i gcás ceapacháin mar mhúinteoir i scoileanna dara leibhéal:

- Múinteoirí atá á bhfostú i scoileanna Gaeltachta
- Múinteoirí atá á bhfostú i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge ar an ngnáthmheán teagaisc (i gcás ábhar seachas Gaeilge)
- Múinteoirí a theagascann ábhar ar bith (seachas Gaeilge) trí Ghaeilge i scoil ar bith.

### ***Conarthaí Lánaimseartha – Múinteoirí ar Théarma Socraithe***

**Maidir le Conarthaí lánaimseartha i leith múinteoirí lánaimseartha ar théarma socraithe, ní mór iad a bheith faighte sa Roinn faoin 23 Deireadh Fómhair 2020 nó faoin gcéad lá tar éis don scoil athoscailt tar éis shos oíche Shamhna, cibé acu is déanaí, chun a chinntiú go n-íocfar iad trí phárollaí na Roinne. Ní féidir glacadh le foirmeacha ceapacháin a gheofar tar éis an dáta sin agus ní mór don scoil éilimh a chur isteach gach seachtain/coicís tríd an gCóras Éileamh Ar Líne.**

- Tagraítear don Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003, i gCiorclán 0034/2009. Tá sé ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

### ***Conarthaí Buana – Múinteoirí Buana agus Múinteoirí Páirtaimseartha Buana***

**Maidir le Conarthaí buana i leith múinteoirí buana agus múinteoirí páirtaimseartha buana, ní mór iad a bheith faighte sa Roinn faoin 23 Deireadh Fómhair 2020 nó faoin gcéad lá tar éis don scoil athoscailt tar éis shos oíche Shamhna, cibé acu is déanaí, chun a chinntiú go n-íocfar iad trí phárollaí na Roinne. Ní féidir glacadh le foirmeacha ceapacháin a gheofar tar éis an dáta sin agus ní mór don scoil éilimh a chur isteach gach seachtain/coicís tríd an gCóras Éileamh Ar Líne.**

### **DOICIMÉID BHREISE MAR EOLAS**

- **CIORCLÁN 2/96 MAIDIR LE STÁDAS ÁRACHAIS SHÓISIALAIGH ATHBHREITHNITHE AGUS COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE DO MHÚINTEOIRÍ DARA LEIBHÉAL ÁIRITHE**  
- ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie)  
(Mar eolas do mhúinteoirí nuacheaptha.)

#### **Atosú tar éis Saoire Bhreiteachta**

Má tá múinteoir ag atosú dualgais tar éis tréimhse saoire breiteachta fadtéarmaí agus/nó tréimhse saoire breiteachta neamhíochta, ní mór dó/di cloí le téarmaí na scéime saoire breiteachta do mhúinteoirí atá leagtha amach i gCiorclán 0059/2014.

#### **Múinteoirí ar shos gairme**

Tarraingítear d’aird ar Chiorclán 0010/2011 maidir leis an scéim sos gairme do mhúinteoirí cláraithe i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta.

***Moltar duit, dá bhrí sin, a chinntiú go bhfaigheann tú an chúis a bhfuil sos gairme ag teastáil ó mhúinteoir. Ba chóir duit a chinntiú freisin nach ar shos gairme ó scoil ar bith eile atá múinteoir ar bith a bheartaíonn tú a fhostú i gcáil teagaisc ar bith.***

**Déan cinnte de gur cláraithe atá múinteoirí atá ag filleadh ó Shos Gairme, go bhfuil siad ar an eolas go hiomlán faoi alt 30 agus gur chóir dóibh a gclárú a thosú lom láithreach má tá a gclárú imithe as feidhm.**

# SEICLIOSTA D'FHOIRMEACHA CUÍ

	Foirm um Athrú Foirme - FOIRM CPI	Foirm um Cheapachán Múinteoirí	Foirm um Athcheapachán Múinteoirí	Liosta Freastail	Grimfhiosrúchán an Gharda Síochána	Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta	Ceistneoir Leighis Réamhfhostaitochta
Conradh do Mhúinteoir Páirtaimseartha Rialta nua a ceapadh chuig scoil	✓	✓		✓	✓	✓	Féach Giorclán 0004/2013 le haghaidh ceanglas maidir leis an gCeistneoir Leighis Réamhfhostaitochta a chomhlánú
Conradh a athnuadh do Mhúinteoir cáilithe Lánaimseartha/Páirtaimseartha Rialta ar Théarma Socraithe san aon scoil amháin	✓		✓	✓	✓	✓	
Múinteoir Lánaimseartha nua a ceapadh chuig scoil	✓	✓		✓	✓	✓	
Múinteoir Lánaimseartha/Múinteoir Páirtaimseartha Rialta a ceapadh mar Mhúinteoir ar Chonradh Buan/ar Chonradh Tréimhse Éiginnte chuig scoil	✓	✓		✓	✓	✓	
Múinteoir a bhí ina M(h)úinteoir Lánaimseartha Sealadach a ceapadh mar Mhúinteoir Páirtaimseartha Rialta san aon scoil amháin	✓		✓	✓	✓	✓	
Múinteoir a bhí ina M(h)úinteoir Páirtaimseartha Rialta a ceapadh mar Mhúinteoir Lánaimseartha Sealadach san aon scoil amháin	✓		✓	✓	✓	✓	
Múinteoir a bhí ina M(h)úinteoir Lánaimseartha Sealadach/Páirtaimseartha Rialta a ceapadh mar Mhúinteoir ar Chonradh Buan/ar Chonradh Tréimhse Éiginnte san aon scoil amháin	✓		✓	✓	✓	✓	
Múinteoirí atá ag filleadh ó chineál cead neamhláithreachta neamhíochta ar bith	✓			✓	✓	✓	